



Cnuaschruinnithe: Faisnéis Thábhachtach agus Prótacail Freastail do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNCanna).

- Ní mór go ndearna MNCanna iarratas ar Dhroichead trí www.teachingcouncil.ie agus ríomhphost deimhniúcháin a bheith faighte acu ón gComhairle Mhúinteoireachta (a thugann faomhadh chun tús a chur leis an bpróiseas Droichead) sula dtabharfaidh siad faoi aon chnuaschruinniú. Ní thabharfar creidiúint tinrimh do MNCanna atá ag gabháil do chnuaschruinnithe gan ríomhphost deimhniúcháin (MNCanna)
- Is riachtanas iad na cnuaschruinnithe do MNCanna atá ag gabháil do phróiseas Droichead.
- Tá cnuaschruinnithe sonracha do chonair chlárúcháin MNC (Bunscoil/lar-bhunscoil). Dá bhrí sin, ní mór do MNCanna páirt a ghlacadh sa chnuaschruinniú/sna cnuaschruinnithe atá ábhartha dá gconair chlárúcháin amháin. Ní mór do MNCanna atá ag múineadh i Scoileanna Speisialta páirt a ghlacadh sa chnuaschruinniú a bhaineann leis an gconair chlárúcháin faoinar chláraigh siad leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
- Ní mór do MNCanna páirt a ghlacadh i gcnuaschruinniú éagsúil amháin in aghaidh an téarma ar feadh a bpróisis Droichead. Is gá do MNCanna freastal ar CC 1 (CC 1) sula bhfreastalóidh siad ar Chnuaschruinniú 2 (CC 2) agus/nó ar Chnuaschruinniú 3 (CC 3). Ar CC 1 a chríochnú go rathúil, ní mór cnuaschruinnithe ina dhiaidh sin a chríochnú in ord seicheamhach.
- Éascófar CC 1 aghaidh ar aghaidh in ionaid tacaíochta oideachais áitiúla (ESCanna). D'fhéadfadh nach mbeadh CC 1 ar fáil gach seachtain i ngach ESC. Gheobhaidh MNCanna dátaí agus amanna sonracha ar shuíomh gréasáin an ESC atá roghnaithe acu. Éascófar CC 2 agus CC 3 ar líne.
- Níl ach méid áirithe spásanna ar fáil agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí Cnuaschruinnithe (aghaidh ar aghaidh agus ar líne), a mhaireann 2 uair an chloig, ar ceal mura mbeidh an líon íosta MNCanna atá riachtanach cláraithe.
- Cuirfear PDF de na sleamhnáin ábhartha do gach chnuaschruinniú ar fáil do MNC roimh an imeacht. B'fhéidir go mbeidh MNC ag iarraidh na sleamhnáin sin a bhreith leo chuig an gcnuaschruinniú chun tacú leo lena gcuid rannpháirtíochta.
- Meabhraítear do MNCanna, agus iad ag gabháil do chnuaschruinnithe go ndéanann siad amhlaidh i gcáil ghairmiúil. Táthar ag súil le hiompar, rannpháirtíocht agus comhoibriú

gairmiúil agus tú ag freastal agus ag plé le cnuaschruinnithe. Tá sé seo ag teacht le [Cód Iompair Phroifisiúnta do Mhúinteoirí 2016](#) de chuid na Comhairle Múinteoireachta. Maidir le cnuaschruinnithe ar líne, ní mór do MNCanna a bheith i dtimpeallacht ar léir gur timpeallacht foghlama gairmiúla comhroinnte í. Agus is gá go mbeidh siad le feiceáil agus le cloisteáil le linn an chruinnithe ar fad agus is gá go mbeidh siad **le feiceáil agus le cloisteáil** le linn an chruinnithe ar fad.

- Meabhraítear do MNCanna mura gcloíonn siad leis na prótacail nach dtabharfar an chreidiúint dóibh gur chomhlíon siad a riachtanais chnuaschruinnithe.
- Is é Ionad Tacaíochta Oideachais Dhún na nGall an mol riaracháin lárnach do Chnuaschruinnithe Droichead go náisiúnta.

Roimh Chnuaschruinnithe

- Ní mór go ndearna MNCanna iarratas ar Dhroichead trí www.teachingcouncil.ie. Nuair a fhaightear an ríomhphost deimhniúcháin ón gComhairle Múinteoireachta, **ní mór** do gach MNC clárú ar dtús ag <https://www.oide-droichead.com/register.html> **sula** gláróidh siad do CC 1 san ITO atá roghnaithe acu. Tá sé riachtanach go mbeidh an t-ainm agus Cláruimhir na Comhairle Múinteoireachta (CCM) a úsáideadh chun clárú mar an gcéanna leis an ainm agus an Chláruimhir a úsáidtear do Chlárucháin MNC leis an gComhairle Múinteoireachta.
- Ba cheart do MNCanna tabhairt faoi CC 1 tar éis dóibh an ríomhphost deimhniúcháin a fháil ón gComhairle Múinteoireachta agus i rith an chéad téarma dá bpróiseas Droichead.
- Ar aon dul le Féilire Chnuaschruinnithe Droichead 2024.2025. (MNCanna bunscoile clic [anseo](#) agus iar-bhunscoile clic [anseo](#) chun an féilire a fháil) beidh dátaí agus amanna do CC 1 ar shuíomh gréasáin gach ionad tacaíochta oideachais. Gheobhaidh MNCanna ríomhphost ón ITO a roghnaigh siad ag deimhniú a n-áirithinte do CC 1. Níl MNC ar bith nach bhfuair ríomhphost deimhniúcháin go pearsanta ó riarthóirí an chúrsa incháilithe chun freastal air.
- Chun go mbeidh siad in ann freastal ar Chnuaschruinniú 2 agus/nó Chnuaschruinniú 3, éilítear ar MNCanna áit a chur in áirithe trí www.oide-droichead.com. Eiseofar dátaí agus amanna go seachtainiúil i dTéarmaí 2 agus 3. Nuair a bheidh a spás do CC 2/CC 3 curtha in áirithe ag an MNC, gheobhaidh siad ríomhphost ag deimhniú a spáis ag an imeacht roghnaithe. Beidh an nasc sa ríomhphost seo freisin chun freastal ar an CC ar líne. Níl MNC ar bith nach bhfuair ríomhphost clárúcháin go pearsanta ó riarthóirí an chúrsa incháilithe chun freastal air.

- Mura mbíonn lucht freastail íosta ann i gcomhair an chnuaschruinnithe seo, cuirfear in iúl do MNCanna go bhfuil sé curtha ar ceal agus beidh orthu dáta eile a roghnú. Eiseofar fógra cealaithe dhá lá roimh an imeacht roghnaithe - bíodh sin aghaidh ar aghaidh nó ar líne Tabhair faoi deara, go gcuirfear líon cnuaschruinnithe go leor ar fáil chun riachtanais na MNCanna a chomhlíonadh.
- Ní mór do MNCanna páirt a ghlacadh i gcnuaschruinniú éagsúil amháin in aghaidh an téarma ar feadh a bpróisis Droichead. Ní thabharfar creidiúint do MNCanna a ghlacann páirt in iliomad cnuaschruinnithe sa téarma céanna as an riachtanas cnuaschruinnithe uair sa téarma a chomhlíonadh.
- Má chláraíonn tú le haghaidh an iomarca cnuaschruinnithe, bainfear de chlár CC thú. Dá bhrí sin, moltar do MNCanna clárú don CC amháin a bhfuil sé beartaithe acu tabhairt faoi. Sa chás nach bhfuil spás ar bith ar a gcéad rogha, beidh ar MNCanna dáta malartach a roghnú.
- Ní bheidh aon tacaíocht riaracháin ar fáil tar éis uaireanta oifige ar na tráthnónta sin ar a mbeidh cnuaschruinniú ar siúl. Má bhíonn aon fhadhb agat sula bhfreastalóidh tú ar an gcnuaschruinniú ar chláraigh tú dó, déan teagmháil leis an ionad tacaíochta oideachais atá roghnaithe agat (le haghaidh CC 1 aghaidh ar aghaidh) nó NQTinduction@oide.ie (le haghaidh CCanna ar líne).

I Rith Cnuaschruinnithe

Cnuaschruinniú Aghaidh ar Aghaidh 1:

- Ní dócha go bhfaighidh MNC a thagann níos mó ná 10 nóiméad déanach nó a fhágann go luath creidiúint as rannpháirteachas agus léireofar an t-eolas seo ar bhileog 'sínigh isteach' an imeachta.
- Ní cheadaítear an cruinniú a thaifeadadh agus sáraíonn sin prótacal.

Cnuaschruinnithe Ar Líne:

- Tá ar MNCanna a bheith infheicthe agus inchloiste ar feadh thréimhse an chnuaschruinnithe ar líne agus dá bhrí sin ba cheart go mbeadh rochtain acu ar ghléas a éascaíonn é seo (ríomhaire glúine nó ríomhaire deisce, go hidéalach).
- Tá spás atá oiriúnach go gairmiúil agus ciúin, atá saor ó chur isteach/torann cúlra, riachtanach. Ná déan dearmad fógraí a mhúchadh, aipeanna reatha a dhúnadh agus d'fhón a bhalbhú.

- Logálann MNCanna isteach sa chnuaschruinniú leis an ainm a úsáideadh chun clárú don imeacht (de réir Chlárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta) agus téann siad siad sa seomra feithimh ar líne 5 nóiméad roimh an am tosaithe.
- Tá ar MNCanna dul i mbun an chnuaschruinnithe 2 uair an chloig agus páirt a ghlacadh ann go hiomlán.
- Ní dócha go bhfaighidh MNC a thagann níos mó ná 10 nóiméad déanach nó a fhágann go luath creidiúint as rannpháirteachas agus léireofar an t-eolas seo ar an gclárúchán.
- Ní cheadaítear an cruinniú a thaifeadadh agus sáraíonn sin prótacal.

Tar Éis Cnuaschruinnithe

- Ní mór do gach MNC clárú ar dtús ar <https://www.oide-droichead.com/register.html> d'fhonn teastais chnuaschruinnithe a fháil agus a íoslódáil.
- Gheobhaidh MNCanna a ghlac páirt go hiomlán sa CC 2 uair a chloig Teastas Críochnaithe ar ríomhphost faoi cheann 10 lá oibre. Is féidir le MNCanna cóipeanna breise dá dteastas/teastais a phriontáil trí logáil isteach ar <https://oide-droichead.com/>.
- Ní mór do MNCanna a Teastas/Teastais C(h)ríochnaithe a chur isteach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta, chomh maith lena bhfoirm chomhlánaithe D ag deireadh a bpróisis Droichead.
- Níor cheart Foirm D a shíniú ná a chur isteach go dtí go mbeidh an riachtanas iomlán maidir le cnuaschruinniú comhlíonta.
- Tabhair faoi deara nach féidir cnuaschruinnithe breise a éascú lasmuigh den fhéilire 2024.2025.
- Tá tacaíocht ar fáil ó fhoireann Ceannairí Foghlama Gairmiúla agus Comhghleacaithe a oibríonn le Rannán Ionduchtúcháin Droichead. Tá sonraí ar fáil ar an Rannán Ionduchtúcháin Droichead den suíomh gréasáin (www.oide.ie/droichead/home). Is foinse tacaíochta é an suíomh gréasáin i rith na bliana a chuireann nuashonruithe rialta ar fáil, eolas ar an bpróiseas Droichead, rochtain ar thacaíocht scoile chomh maith le banc acmhainní chun tacú le cleachtas an tseomra ranga agus leis an bpróiseas Droichead.